2023/2828

15.12.2023

**CINNEADH (AE) 2023/2828 ÓN gCOMHAIRLE**

**an 11 Nollaig 2023**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gComhdháil bhliantúil na bPáirtithe sa Choinbhinsiún um Chaomhnú agus Bainistiú Acmhainní Mangach i Muir Bheiring Láir agus lena n-aisghairtear Cinneadh (AE) 2019/866**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is Páirtí Conarthach í Poblacht na Polainne sa Coinbhinsiún um Chaomhnú agus um Bainistiú Acmhainní Mangach i Muir Bheiring Láir ('Coinbhinsiún Mhuir Bheiring'). Níl an tAontas ina Pháirtí sa Choinbhinsiún sin. I gcomhréir le hAirteagal 6(9) den Ionstraim Aontachais 2003, is é an tAontas a bhainistíonn comhaontuithe iascaigh arna dtabhairt i gcrích ag na Ballstáit le tríú tíortha agus ba cheart don Aontas aon chinneadh arna bhunú faoi Choinbhinsiún Mhuir Bheiring a chur chun feidhme.

(2) Le Cinneadh ón gComhairle an 11 Aibreán 2016, tugadh údarú don Pholainn leasú ar Choinbhinsiún Mhuir Bheiring a chaibidil, ar leas an Aontais, d'fhonn go dtiocfadh an tAontas chun bheith ina Pháirtí sa Choinbhinsiún sin. I mí Dheireadh Fómhair 2016 chuir an Pholainn an togra le haghaidh leasú den sórt sin ar Choinbhinsiún Mhuir Bheiring faoi bhráid Thaiscí an Choinbhinsiúin sin.

(3) Le Cinneadh (AE) 2023/575 ón gComhairle ([1]), tugadh údarú don Pholainn an leasú ar Choinbhinsiún Mhuir Bheiring a dhaingniú, chun leas an Aontais, lena ligfí don Choimisiún a bheith rannpháirteach mar pháirtí sa Choinbhinsiún sin. Tuigtear go dtarraingeoidh Poblacht na Polainne a ballraíocht sa Choinbhinsiún siar ar ghlacadh an Aontais mar pháirtí iomlán i gCoinbhinsiún Mhuir Bheiring.

(4) Is é Comhdháil Bhliantúil na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Mhuir Bheiring ('Comhdháil bhliantúil na bPáirtithe') atá freagrach as bainistiú agus caomhnú Acmhainní Mangach i Limistéar Choinbhinsiún Mhuir Bheiring. D'fhéadfadh sé go dtiocfadh bearta mar sin chun bheith ina gceangal ar an Aontas.

(5) Le Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), déantar foráil go bhfuil an tAontas lena áirithiú go bhfuil gníomhaíochtaí iascaireachta agus dobharshaothraithe inbhuanaithe san fhadtéarma ó thaobh an chomhshaoil de agus go ndéantar iad a bhainistiú ar bhealach atá comhsheasmhach leis na cuspóirí tairbhí eacnamaíocha, sóisialta agus fostaíochta a bhaint amach, agus go gcuireann siad le hinfhaighteacht soláthairtí bia. Foráiltear leis freisin go bhfuil an tAontas le cur chuige an réamhchúraim a chur i bhfeidhm i leith bainistiú iascaigh, agus go mbeidh sé d'aidhm aige a áirithiú go ndéanfaidh saothrú bheo-acmhainní bitheolaíocha na mara líon na speiceas atá á mbuain a athbhunú agus a choinneáil ar leibhéil atá in acmhainn an uastáirgeacht inbhuanaithe a tháirgeadh. Ina theannta sin, foráiltear leis go bhfuil an tAontas le bearta bainistithe agus caomhnaithe a dhéanamh ar bhonn na comhairle eolaíche is fearr dá bhfuil ar fáil, tacú le forbairt an eolais eolaíoch agus na comhairle eolaíche, deireadh a chur de réir a chéile le hábhar muirí aischurtha agus modhanna iascaireachta a chur chun cinn a chuideoidh le hiascaireacht níos roghnaí a dhéanamh agus le gabhálacha de thaisme a sheachaint agus a laghdú a mhéid is féidir, agus le hiascaireacht a bhfuil ísealtionchar aici ar an éiceachóras muirí agus ar acmhainní iascaigh. Ina theannta sin, foráiltear go sonrach le Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 go bhfuil an tAontas leis na cuspóirí agus na prionsabail sin a chur i bhfeidhm agus é i mbun a chuid caidreamh seachtrach iascaigh.

([1]) Cinneadh (AE) 2023/575 ón gComhairle an 9 Márta 2023 lena n-údaraítear don Pholainn an leasú ar an gCoinbhinsiún um Chaomhnú agus Bainistiú Acmhainní Mangach i Muir Bheiring Láir a dhaingniú, chun leas an Aontais Eorpaigh (IO L 75, 14.3.2023, lch. 15).

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1954/2003 agus (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 2371/2002 agus (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22).

(6) I gcomhréir leis na Teachtaireachtaí ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *EU biodiversity strategy for 2030 – Bringing nature back into our lives* [Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais do 2030 – An dúlra a thabhairt ar ais inár saol], *Forging a climate-resilient Europe – the new EU Strategy on Adaptation to Climate Change* [Eoraip atá seasmhach ó thaobh na haeráide de a chruthú – straitéis nua an Aontais Eorpaigh um an Oiriúnú don Athrú Aeráide] agus *A Farm to Fork Strategy for a fair, healthy and environmentally-friendly food system* ['Straitéis Ón bhFeirm go dtí an Forc' le haghaidh córas bia atá cothrom, sláintiúil agus neamhdhíobhálach don chomhshaol'], tá sé ríthábhachtach an dúlra a chosaint agus díghrádú na n-éiceachóras a aisiompú. Maidir leis an athrú aeráide agus caillteanas na bithéagsúlachta, ní bheidh baol iontu d'infhaighteacht na n-earraí agus na seirbhísí a chuireann éiceachórais shláintiúla mhuirí ar fáil d'iascairí, do phobail chósta agus don chine daonna i gcoitinne.

(7) Déantar tagairt sa Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *A European Strategy for Plastics in a Circular Economy* [Straitéis Eorpach um Plaisteach i nGeilleagar Ciorclach] do bhearta sonracha chun plaistigh agus truailliú muirí chomh maith le cailleadh nó tréigean trealaimh iascaireachta ar muir a laghdú. Thairis sin, is é is aidhm don Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *Pathway to a Healthy Planet for All – EU Action Plan: 'Towards Zero Pollution for Air, Water and Soil* [Conair i dtreo Pláinéad Sláintiúil do Chách – Plean Gníomhaíochta an Aontais um Uisce, Aer agus Ithir Saor ó Thruailliú] laghdú 50 % a dhéanamh ar bhruscar plaisteach ar muir agus laghdú 30 % a dhéanamh ar mhicreaphlaistigh a scaoiltear sa chomhshaol.

(8) Leagtar béim sa Teachtaireacht Chomhpháirteach chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *Setting the course for a sustainable blue planet* [An bealach a réiteach do phláinéad inbhuanaithe gorm] ar a thábhachtaí atá cosaint agus caomhnú na bithéagsúlachta muirí faoi ghníomhaíochtaí seachtracha an Aontais. Is é an tAontas Eorpach an gníomhaí is suntasaí in Eagraíochtaí Réigiúnacha Bainistithe Iascaigh (ERBInna) agus i gcomhlachtaí iascaigh ar fud an domhain. Sa cháil sin, cuireann an tAontas inbhuanaitheacht na stoc éisc chun cinn, cuireann sé cinnteoireacht thrédhearcach chun cinn atá bunaithe ar chomhairle eolaíoch fhónta, cuireann sé feabhas ar an taighde eolaíoch, agus neartaíonn sé an comhlíonadh.

(9) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gcruinnithe de Chomhdháil bhliantúil na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Mhuir Bheiring a leagan síos don tréimhse 2024 2028, ós rud é go mbeidh bearta caomhnaithe agus forfheidhmithe Choinbhinsiún Mhuir Bheiring ina gceangal ar an Aontas agus go bhféadfaidís tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar dhlí an Aontais, eadhon Rialacháin (CE) Uimh. 1005/2008 ón gComhairle ([3]) agus (CE) Uimh. 1224/2009 ([4]), agus Rialachán (AE) 2017/2403 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]).

(10) Faoi láthair, le Cinneadh (AE) 2019/866 ón gComhairle leagtar síos an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gcruinnithe Chomhdháil bhliantúil na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Mhuir Bheiring ([6]). Is iomchuí an Cinneadh sin a aisghairm agus Cinneadh nua lena gcumhdófaí an tréimhse 2024 go 2028.a chur ina ionad.

(11) Faoin gcleachtas atá ann faoi láthair, is é an Coimisiún, mar ionadaí seachtrach an Aontais maidir le hinniúlacht eisiach an Aontais i leith iascaigh, a dhéanann ionadaíocht thar ceann Phoblacht na Polainne agus an Aontais ag Comhdháil bhliantúil na bPáirtithe.

---

([3]) Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 ón gComhairle an 29 Meán Fómhair 2008 lena mbunaítear córas Comhphobail chun iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte (NNN), a chosc, a dhíspreagadh agus a dhíothú, lena leasaítear Rialacháin (CEE) Uimh. 2847/93, (CE) Uimh. 1936/2001 agus (CE) Uimh. 601/2004 agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 1093/94 agus (CE) Uimh. 1447/1999 (IO L 286, 29.10.2008, lch. 1).

([4]) Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle an 20 Samhain 2009, lena mbunaítear córas rialaithe Aontais chun comhlíonadh rialacha an chomhbheartais iascaigh a áirithiú, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 847/96, (CE) Uimh. 2371/2002, (CE) Uimh. 811/2004, (CE) Uimh. 768/2005, (CE) Uimh. 2115/2005, (CE) Uimh. 2166/2005, (CE) Uimh. 388/2006, (CE) Uimh. 509/2007, (CE) Uimh. 676/2007, (CE) Uimh. 1098/2007, (CE) Uimh. 1300/2008, (CE) Uimh. 1342/2008, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 2847/93, (CE) Uimh. 1627/94 agus (CE) Uimh. 1966/2006, (IO L 343, 22.12.2009, lch. 1).

([5]) Rialachán (AE) 2017/2403 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 maidir le bainistiú inbhuanaithe a dhéanamh ar chabhlaigh iascaireachta sheachtracha, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1006/2008 ón gComhairle (IO L 347, 28.12.2017, lch. 81).

([6]) Cinneadh (AE) 2019/866 ón gComhairle an 14 Bealtaine 2019 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gComhdháil bhliantúil na bPáirtithe sa Choinbhinsiún um Chaomhnú agus Bainistiú Acmhainní Mangach i Muir Bheiring Láir, agus lena n-aisghairtear Cinneadh an 12 Meitheamh 2017 lena leagtar síos an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais, sa Chomhdháil bhliantúil sin (IO L 140, 28.5.2019, lch. 66).

(12) I bhfianaise nádúr athraitheach na n-acmhainní iascaigh i Limistéar Choinbhinsiún Mhuir Bheiring, agus an ghá atá ann dá bharr go n-áireofar ar sheasamh an Aontais forbairtí nua, lena n-áirítear faisnéis eolaíoch nua agus faisnéis ábhartha eile a thíolactar roimh chruinnithe Chomhdháil bhliantúil na bPáirtithe nó lena linn, ba cheart nósanna imeachta a bhunú, i gcomhréir le prionsabal an chomhair dhílis i measc institiúidí an Aontais a chumhdaítear in Airteagal 13(2) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, maidir leis an tsonraíocht ó bhliain go bliain maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais don tréimhse 2024 2028,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leagtar amach in Iarscríbhinn I an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gcruinnithe Chomhdháil bhliantúil na bPáirtithe.

*Airteagal 2*

I gcomhréir le hIarscríbhinn II, seolfar an tsonraíocht ó bhliain go bliain maidir le seasamh an Aontais atá le glacadh i gcruinnithe Chomhdháil bhliantúil na bPáirtithe.

*Airteagal 3*

Déanfaidh an Chomhairle seasamh an Aontais a leagtar amach in Iarscríbhinn I a mheasúnú agus, i gcás inarb iomchuí, a athbhreithniú ar thogra a fháil ón gCoimisiún, le haghaidh Chomhdháil bhliantúil na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Mhuir Bheiring in 2029 ar a dhéanaí.

*Airteagal 4*

Leis seo, déantar Cinneadh (AE) 2019/866 ón gComhairle a aisghairm.

*Airteagal 5*

1. Gan dochar do shainphribhléidí an Choimisiúin maidir le hionadaíocht sheachtrach an Aontais, dírítear an Cinneadh seo chuig Poblacht na Polainne go dtí go n-aontóidh an tAontas do Choinbhinsiún Mhuir Bheiring.

2. Tar éis aontachas an Aontais do Choinbhinsiún Mhuir Bheiring, seoltar an Cinneadh seo chuig an gCoimisiún a dhéanfaidh ionadaíocht thar ceann an Aontais i gcruinnithe Chomhdháil bhliantúil na bPáirtithe.

3. Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 11 Nollaig 2023.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
L. PLANAS PUCHADES

*IARSCRÍBHINN I*

**An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gComhdháil bhliantúil na bPáirtithe**

1. PRIONSABAIL

Faoi chuimsiú Choimisiún Mhuir Bheiring, déanfaidh an tAontas an méid seo a leanas:

(a) a áirithiú go bhfuil na bearta a ghlactar i gComhdháil bhliantúil na bPáirtithe comhsheasmhach leis an dlí idirnáisiúnta, agus go háirithe le Coinbhinsiún 1982 na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige, le Comhaontú 1995 de chuid na Náisiún Aontaithe i ndáil le Caomhnú agus le Bainistiú Stoc Éisc Traslimistéir agus Stoc Éisc Mórimirceach, le Comhaontú 1993 den Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta chun comhlíontacht bád iascaireachta ar an mórmhuir i dtaca le bearta idirnáisiúnta caomhantais agus bainistíochta a chur chun cinn, agus le Comhaontú 2009 den Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta ar Bhearta Stát an Chalafoirt;

(b) cuspóirí an Chomhaontaithe a chur chun cinn faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige i dtaca le caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta muirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta agus ag an 15ú Comhdháil de chuid na bPáirtithe sa Choinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht, go háirithe a mhéid a bhaineann le cosaint na bithéagsúlachta muirí agus cosaint 30 % d’aigéin an domhain a threisiú trí limistéir mhuirí faoi chosaint;

(c) rannchuidiú le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, i gcomhréir leis na Conclúidí ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2020 maidir leis an mBithéagsúlacht – an gá atá le gníomhaíocht phráinneach, leis na Conclúidí ón gComhairle an 10 Meitheamh 2021 maidir le hEoraip aeráid-díonach a chruthú – straitéis nua an Aontais Eorpaigh maidir le hoiriúnú don athrú aeráide, go háirithe maidir le cosaint an dúlra, agus leis na Conclúidí ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2020 maidir leis an straitéis ‘Ón bhFeirm go dtí an Forc’, agus le hEoraip níos láidre sa Domhan;

(d) gníomhú i gcomhréir leis na cuspóirí agus na prionsabail atá á saothrú ag an Aontas laistigh den chomhbheartas iascaigh, go sonrach tríd an gcur chuige réamhchúraim agus na haidhmeanna a bhaineann leis an uastáirgeacht inbhuanaithe mar a leagtar síos in Airteagal 2(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, chun cur chun feidhme cur chuige i leith bainistiú iascaigh atá bunaithe ar an éiceachóras a chur chun cinn, chun gabhálacha de thaisme a sheachaint agus a íoslaghdú a mhéid is féidir agus chun deireadh a chur de réir a chéile le hábhar muirí aischurtha, agus chun tionchar na ngníomhaíochtaí iascaireachta ar éiceachórais mhuirí agus ar a ngnáthóga a íoslaghdú agus, chomh maith leis sin, trí iascaigh de chuid an Aontais atá inmharthana agus iomaíoch ó thaobh an gheilleagair de a chur chun cinn, caighdeán cothrom maireachtála a chur ar fáil do na daoine a bhíonn ag brath ar ghníomhaíochtaí iascaireachta, agus leasanna na dtomhaltóirí á gcur san áireamh;

(e) a bheith i gcomhréir leis na Conclúidí ón gComhairle an 19 Márta 2012 maidir leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún i ndáil le gné sheachtrach an chomhbheartais iascaigh;

(f) a bheith i gcomhréir leis na Conclúidí ón gComhairle an 13 Nollaig 2022 maidir le Rialachas Idirnáisiúnta na n-Aigéan maidir le haigéin agus farraigí atá sábháilte, slán, agus sláintiúil agus a ndéantar bainistiú inbhuanaithe orthu i ndáil le caomhnú na bithéagsúlachta muirí;

(g) oibriú ar son rannpháirtíocht iomchuí na bpáirtithe leasmhara le linn chéim ullmhúcháin bhearta Choinbhinsiún Mhuir Bheiring agus a áirithiú go mbeidh na bearta a ghlacfar i gCoinbhinsiún Mhuir Bheiring i gcomhréir le cuspóirí Choinbhinsiún Mhuir Bheiring;

(h) seasaimh atá comhsheasmhach le dea-chleachtais eagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh (ERBInna) a chur chun cinn;

(i) comhsheasmhacht agus sineirge a lorg leis an mbeartas atá á shaothrú ag an Aontas mar chuid dá chaidreamh déthaobhach iascaigh le tríú tíortha, agus comhleanúnachas lena bheartais eile a áirithiú, go háirithe i réimse an chaidrimh sheachtraigh, na fostaíochta, an chomhshaoil, na trádála, na forbartha, an taighde agus na nuálaíochta;

(j) díriú ar chothrom iomaíochta a chruthú do chabhlach an Aontais laistigh de Limistéar Choinbhinsiún Mhuir Bheiring, bunaithe ar na prionsabail agus na caighdeáin chéanna is infheidhme faoi Dhlí an Aontais, agus cur chun feidhme aonfhoirmeach na bprionsabal agus na gcaighdeán sin a chur chun cinn;

(k) comhordú idir Coinbhinsiún Mhuir Bheiring, ERBInna atá ann cheana agus coinbhinsiúin maidir le farraigí réigiúnacha agus comhar le heagraíochtaí domhanda, de réir mar is infheidhme, laistigh dá sainorduithe, a chur chun cinn, i gcás inarb iomchuí;

(l) sásraí comhair a chur chun cinn i measc ERBInna neamhthuinnín ar nós an phróisis dá ngairtear 'Kobe' le haghaidh ERBInna tuinnín.

2. TREOIRLÍNTE

I gcás inarb iomchuí, féachfaidh an tAontas le tacú le glacadh na mbeart seo a leanas ag Comhdháil bhliantúil na bPáirtithe:

(a) bearta chun caomhnú agus athbhunú na bithéagsúlachta, agus inbhuanaitheacht na stoc a chur chun cinn, agus breithnithe i dtaca leis an athrú aeráide a chuimsiú sa phróiseas cinnteoireachta;

(b) bearta caomhnaithe agus bainistithe le haghaidh acmhainní iascaigh i limistéar Choinbhinsiún Mhuir Bheiring bunaithe ar an gcomhairle eolaíoch is fearr dá bhfuil ar fáil, lena n-áirítear Leibhéal Buainte incheadaithe agus cuótaí aonair náisiúnta nó rialáil ar an iarracht maidir le beo-acmhainní bitheolaíocha na mara a rialaíonn Comhdháil bhliantúil na bPáirtithe, lena n-áirítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Coinbhinsiún Mhuir Bheiring a athrú, lena mbainfí amach ráta saothraithe na huastáirgeachta inbhuanaithe ar bhonn forásach incriminteach. I gcás inar gá, áireofar sna bearta caomhnaithe agus bainistíochta sin bearta sonracha le haghaidh stoic atá thíos leis an ró-iascaireacht chun an iarracht iascaireachta a choinneáil i gcomhréir leis na deiseanna iascaireachta atá ar fáil;

(c) bearta chun bailiú sonraí, taighde eolaíoch agus cinntí bainistíochta atá bunaithe ar an eolaíocht a chur chun, a choiste um chomhlíonadh a neartú, cultúr comhlíonta a chur chun cinn agus athbhreithnithe feidhmíochta neamhspleácha tréimhsiúla a dhéanamh;

(d) bearta chun gníomhaíochtaí iascaireachta neamhdhleathacha, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte (NNN) i Limistéar Choinbhinsiún Mhuir Bheiring a chosc, a dhíspreagadh agus a dhíothú, lena n-áirítear liostú soithí NNN agus trasliostú soithí NNN le ERBInna eile, agus bearta chun inrianaitheacht iasc agus táirgí iascaigh a chur chun cinn bunaithe ar na Treoirlínte Deonacha maidir le Scéimeanna Doiciméadaithe um Ghabháil;

(e) bearta faireacháin, rialaithe agus faireachais i Limistéar Choinbhinsiún Mhuir Bheiring chun éifeachtúlacht rialaithe agus comhlíonadh na mbeart arna nglacadh i gCoinbhinsiún Mhuir Bheiring a áirithiú, lena n-áirítear an rialú ar oibríochtaí trasloingsithe a neartú bunaithe ar Threoirlínte Deonacha na hEagraíochta Bia agus Talmhaíochta maidir le Trasloingsiú;

(f) bearta chun an tionchar diúltach a bhíonn ag gníomhaíochtaí iascaireachta ar an mbithéagsúlacht mhuirí agus ar na héiceachórais mhuirí agus ar a ngnáthóga a íoslaghdú, lena n-áirítear bearta cosanta le haghaidh éiceachórais leochaileacha mhuirí i Limistéar Choinbhinsiún Mhuir Bheiring i gcomhréir le Coinbhinsiún Mhuir Bheiring agus le Treoirlínte Idirnáisiúnta na hEagraíochta Bia agus Talmhaíochta maidir le Bainistiú Iascach Domhainfharraige ar an Mórmhuir, bearta chun gabhálacha de thaisme a sheachaint agus a laghdú a mhéid is féidir, go háirithe speicis leochaileacha mhuirí, agus chun deireadh a chur de réir a chéile le hábhar muirí aischurtha;

(g) bearta chun truailliú muirí a laghdú, sceitheadh plaisteach ar muir a chosc agus an tionchar a bhíonn ag plaistigh ar muir ar an mbithéagsúlacht mhuirí agus ar na héiceachórais a laghdú, lena n-áirítear bearta chun tionchar an trealaimh iascaireachta tréigthe, caillte nó diúscartha ar bhealach eile san aigéan a laghdú agus chun sainaithint agus aisghabháil trealaimh mar sin a éascú bunaithe ar Threoirlínte Deonacha na hEagraíochta Bia agus Talmhaíochta maidir le Trealamh Iascaireachta a Mharcáil;

(h) bearta arb é is aidhm dóibh toirmeasc a chur ar an iascach a fheidhmíonn chun eití siorca a bhuain agus lena gceanglaítear go ndéanfar gach siorc a thabhairt i dtír agus na heití ar fad air ó nádúr;

(i) i gcás inarb iomchuí agus a mhéid a cheadaítear faoi na doiciméid chomhábhartha, moltaí lena spreagtar cur chun feidhme Choinbhinsiún na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le hObair san Iascaireacht;

(j) cur chuige coiteann le ERBInna eile, i gcás inarb iomchuí, go háirithe le ERBInna a bhfuil baint acu le bainistiú iascaigh in aon réigiún leis;

(k) cineálacha cur chuige a bhaineann le dul i ngleic leis na tionchair gníomhaíochtaí neamhiascaireachta ar acmhainní bitheolaíocha na mara i Limistéar Choinbhinsiún Mhuir Bheiring;

(l) bearta teicniúla breise bunaithe ar chomhairle ó fhochuideachtaí agus ó mheithleacha de chuid Comhdháil bhliantúil na bPáirtithe.

(m) bearta atá comhsheasmhach leis na cuspóirí tairbhí eacnamaíocha, sóisialta agus fostaíochta a bhaint amach, agus maidir le rannchuidiú le hinfhaighteacht soláthairtí bia.

*IARSCRÍBHINN II*

**Sonraíocht ó bhliain go bliain maidir le seasamh an Aontais atá le glacadh ag Comhdháil bhliantúil na bPáirtithe**

Roimh gach cruinniú de Chomhdháil bhliantúil na bPáirtithe, nuair a iarrfar ar an gcomhlacht sin cinntí a ghlacadh a bhfuil éifeacht dhlíthiúil leo ar an Aontas, déanfar na bearta is gá ionas go mbeidh an fhaisnéis eolaíoch is déanaí agus aon fhaisnéis ábhartha eile a chuirtear chuig an gCoimisiún, á gcur san áireamh sa seasamh atá le cur in iúl thar ceann an Aontais, i gcomhréir leis na prionsabail agus na treoirlínte a leagtar amach in Iarscríbhinn I.

Chuige sin, agus bunaithe ar an bhfaisnéis sin, tarchuirfidh an Coimisiún chuig an gComhairle, nó chuig a comhlachtaí ullmhúcháin, in am trátha roimh gach cruinniú de Chomhdháil bhliantúil na bPáirtithe, doiciméad i scríbhinn ina leagfar amach sonraí na sonraíochta atá beartaithe a phlé agus a fhormhuiniú maidir le seasamh an Aontais i dtaca le sonraí an tseasaimh atá le cur in iúl thar ceann an Aontais.

Más rud é, le linn cruinniú de Chomhdháil bhliantúil na bPáirtithe, nach féidir teacht ar chomhaontú, lena n-áirítear comhaontú ar an láthair, chun go gcuirfear gnéithe nua san áireamh i seasamh an Aontais, déanfar an t-ábhar a chur chuig an gComhairle nó chuig a comhlachtaí ullmhúcháin.